Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5292/24**

**CDR 12**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2024/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta malartach,**
**arna mholadh ag Ríocht na Danmhairge,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na Danmhairge,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d’ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1257[1], lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Flemming KNUDSEN éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas na Danmhairge Henrik Gottlieb HANSEN, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Cinneadh (AE) 2022/1257 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seachtar comhaltaí malartacha, arna moladh ag Ríocht na Danmhairge, de Choiste na Réigiún (IO L 191, 20.7.2022, lch. 63).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Henrik Gottlieb HANSEN, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach, *Regionsrådsmedlem, Regionsrådet, Region Midtjylland* (Comhairleoir Réigiúnach, Comhairle Réigiúnach na Danmhairge) mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*